2025/2060

15.10.2025

RIALACHÁN (AE) 2025/2060 ÓN gCOIMISIÚN

an 14 Deireadh Fómhair 2025

lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1333/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le húsáid aigéid shorbaigh (E 200) agus sorbáite potaisiam (E 202) i múis phlandabhunaithe nach bhfuil teaschóireáilte

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1333/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 maidir le breiseáin bia ([1]), agus go háirithe Airteagal 10(3) de,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1331/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 lena mbunaítear nós imeachta comhchoiteann údaraithe maidir le breiseáin bia, maidir le heinsímí bia agus maidir le blastáin bia ([2]), agus go háirithe Airteagal 7(5) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (CE) Uimh. 1333/2008 leagtar síos liosta Aontais de bhreiseáin bhia a fhormheastar lena n-úsáid i mbianna, agus a gcoinníollacha úsáide.

(2) De bhun Airteagal 3(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1331/2008, féadfar an liosta Aontais de bhreiseáin bhia a thabhairt cothrom le dáta ar thionscnamh an Choimisiúin nó tar éis iarratas a fháil ó Bhallstát nó ó pháirtí leasmhar.

(3) I mí an Mheithimh 2024 cuireadh iarratas faoi bhráid an Choimisiúin maidir le húsáid sorbáite potaisiam (E 202) a údarú mar leasaitheach i múis phlandabhunaithe nach bhfuil teaschóireáilte suas le huasleibhéal 500 mg/kg. Cuireadh an t-iarratas ar fáil do na Ballstáit ina dhiaidh sin de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 1331/2008.

(4) De bhun Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1333/2008, rialaítear aigéad sorbach (E 200) agus sorbáit photaisiam (E 202) mar ghrúpa 'aigéad sorbach – sorbáit photaisiam (E 200-202)' agus údaraítear iad le haghaidh úsáid chomhcheangailte i raon leathan bianna. I gcatagóir bhia 16 'Milseoga gan táirgí a chumhdaítear faoi chatagóirí 1, 3 agus 4 a áireamh', údaraítear aigéad sorbach – sorbáit photaisiam (E 200-202) lena n-úsáid i milseoga déiríochta nach bhfuil teaschóireáilte ag uasleibhéal 300 mg/kg, in *frugtgrød, rote Grütze* agus *pasha*, i milseoga geilitín uiscebhunaithe atá blaistithe le torthaí ag 1 000 mg/kg, agus in *ostkaka* ag 2 000 mg/kg.

(5) Maidir le múis phlandabhunaithe nach bhfuil teaschóireáilte, is milseoga iad lena mbaineann blasanna éagsúla (e.g. torthaí, seacláid), ag a bhfuil pH idir 3,5 agus 5,5, agus nach féidir a phaistéaradh ná a steiriliú toisc go scriosfadh sé sin a dtréithe orgánaileipteacha, amhail a n-aerú, a míne agus a struchtúr. Dá bhrí sin, is gá leasaitheach a úsáid chun sábháilteacht mhicribhitheolaíoch an táirge go dtí deireadh a sheilfré a áirithiú. Tá sorbáit photaisiam (E 202) sainaitheanta mar leasaitheach oiriúnach lena húsáid i múis phlandabhunaithe nach bhfuil teaschóireáilte suas le 500 mg/kg mar gheall ar a héifeachtacht ag pH aigéid faoi bhun 7,4 gan aon tionchar diúltach aici ar an mblas.

(6) An 1 Márta 2019 d'eisigh an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia ('an tÚdarás') tuairim eolaíoch maidir leis an obair leantach ar an athmheastóireacht ar aigéad sorbach (E 200) agus sorbáit photaisiam (E 202) mar bhreiseáin bhia ([3]). Ar bhonn sonraí nua maidir leis an tocsaineacht maidir le síolrú, d'athraigh an tÚdarás an iontógáil laethúil inghlactha shealadach go hiontógáil laethúil inghlactha grúpa nua, is é sin 11 mg d'aigéad sorbach/kg de mheáchan coirp in aghaidh an lae i gcás aigéad sorbach (E 200) agus a shalann potaisiam (E 202). Bhí na measatacháin nochta i bhfad faoin ADI grúpa nua i gcás gach grúpa daonra, ag an meánleibhéal agus an uasleibhéal araon.

([1]) IO L 354, 31.12.2008, lch. 16, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2008/1333/oj.
([2]) IO L 354, 31.12.2008, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2008/1331/oj.
([3]) Tuairim eolaíoch maidir leis an obair leantach ar an athmheastóireacht ar aigéad sorbach (E200) agus sorbáit photaisiam (E202) mar bhreiseáin bhia. *EFSA Journal* [Iris EFSA] 2019;17(3):5625, https://doi.org/10.2903/j.efsa.2019.5625.

(7) De bhun Airteagal 3(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1331/2008, ní mór don Choimisiún tuairim ón Údarás a lorg chun an liosta Aontais de bhreiseáin bhia a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1333/2008 a thabhairt cothrom le dáta, ach amháin i gcás nach dócha, leis an tabhairt cothrom le dáta atá i gceist, go mbeidh tionchar aige ar shláinte an duine. Ós rud é go bhfuil aigéad sorbach (E 200) agus sorbáit photaisiam (E 202) údaraithe lena n-úsáid i réimse mór bianna le Rialachán (CE) Uimh. 1333/2008, lena n-áirítear i milseoga éagsúla i gcatagóir bhia 16 'Milseoga gan táirgí a chumhdaítear faoi chatagóirí 1, 3 agus 4 a áireamh, ní mheastar go mbeidh tionchar mór ag an úsáid atá beartaithe i múis phlandabhunaithe nach bhfuil teaschóireáilte ar an nochtadh foriomlán, nochtadh a fhanfaidh faoin iontógáil laethúil inghlactha dá bhrí sin. Tacaítear leis sin leis an meastachán a sholáthair an t-iarratasóir a d'úsáid an tSamhail um Iontógáil Breiseáin Bia a d'fhorbair an tÚdarás. Dá bhrí sin, ní mheastar go mbeidh tionchar mór ag úsáid aigéid shorbaigh (E 200) agus sorbáite potaisiam (E 202) i múis phlandabhunaithe nach bhfuil teaschóireáilte ar shláinte an duine agus dá bhrí sin ní gá tuairim ón Údarás a iarraidh.

(8) Dá bhrí sin, is iomchuí úsáid aigéid shorbaigh (E 200) agus sorbáite potaisiam (E 202) a údarú mar leasaithigh i múis phlandabhunaithe nach bhfuil teaschóireáilte ag uasleibhéal 500 mg/kg.

(9) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán (CE) Uimh. 1333/2008 a leasú dá réir sin.

(10) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1333/2008 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 14 Deireadh Fómhair 2025.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

I gCuid E d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1333/2008, i gcatagóir bhia 16 'Milseoga gan táirgí a chumhdaítear faoi chatagóirí 1, 3 agus 4 a áireamh', cuirtear isteach an iontráil seo a leanas idir na hiontrálacha a bhaineann leis na breiseáin bhia E 160d Lícipéin agus E 200-202 Aigéad sorbach – sorbáit photaisiam:

	'E 200 – 202	Aigéad sorbach – sorbáit photaisiam	500	(1) (2)	múis phlandabhunaithe nach bhfuil teaschóireáilte agus iad sin amháin'

IO L, 15.10.2025

GA

ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2025/2060/oj